C/2025/2776

16.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 11951 — VAN MOSSEL AUTOMOTIVE INTERNATIONAL / LÖHR & BECKER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2776)

1. An 7 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Van Mossel Automotive International B.V. ('Van Mossel', an Ísiltír),

— Löhr & Becker AG ('Löhr', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Van Mossel rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Löhr ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Van Mossel gníomhach i ndáileadh mórdhíola gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua san Ísiltír agus i ndáileadh miondíola gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua agus athláimhe san Ísiltír, sa Bheilg, sa Fhrainc, i Lucsamburg, sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe agus sa Danmhairg. Tá Van Mossel gníomhach i gcothabháil agus deisiú feithiclí (lena n-áirítear soláthar páirteanna gluaisteáin déantúsóra buntrealaimh) freisin, i léasú oibríochtúil agus airgeadais, agus, sa Ghearmáin, i soláthar seirbhísí gluaisteán ar cíos,

— Tá Löhr gníomhach sa Ghearmáin i ndáileadh miondíola gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua agus athláimhe, agus i gcothabháil agus deisiú feithiclí (lena n-áirítear soláthar páirteanna gluaisteáin déantúsóra buntrealaimh).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11951 — VAN MOSSEL AUTOMOTIVE INTERNATIONAL / LÖHR & BECKER

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË